	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/ga/Curaclaim_agus_Measúnacht/Oideachas_Iar-Bhunscoile/Tionscadal_Mata/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p>
---	---

Mír 8: Céimseata Shintéiseach 2

Smaoineamh Ceachta 1.26

Trí thréimhse ranga

Teideal

Tógáil Triantán agus an Bhrí atá le Triantáin Iomchuí

Acmhainní

Foireann uirlisí matamaiticiúla

Cúrsa Céimseatan do Mhatamaitic Iar-bhunscoile



CD an Dalta

Junior Certificate Guidelines for Teachers (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 2002, An Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais €3.81). Is féidir é a íoslódáil freisin ag http://www.projectmaths.ie/documents/jc_maths_guidelines.pdf.

Ábhar

Agus iad i mbun na gceachtanna seo, beidh na daltaí ag imscrúdú na nithe seo a leanas agus ag iarraidh iad a thuiscint:

- Triantáin: scailéanach, comhchosach, comhshleasach, dronuilleach
- Tógáil 10: Triantán nuair a thugtar SSS – Triantáin iomchuí (Aicsiom 4)
- Tógáil 11: Triantán nuair a thugtar SUS – Triantáin iomchuí (Aicsiom 4)


Gníomhaíochtaí ranga molta

Smaointe Ceachta Céimseatan 1 agus 14 in *Junior Certificate Guidelines for Teachers*

Féachann Smaoineamh Ceachta 1 (lgh 58-59) le cabhrú le daltaí a bheith in ann na saghsanna éagsúla triantán a shainaithint agus taithí phraiticiúil a thabhairt dóibh ar a bheith ag plé le triantáin.

Tugann Smaoineamh Ceachta 14 (lgh 72-73) tús eolais do na daltaí ar choincheap an iomchuibhis le hábhair nithiúla.

Láithreáin ghréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/ga/Curaclaim_agus_Measúnacht/Oideachas_Iar-Bhunscoile/Tionscadal_Mata/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p>
---	---

Smaoineamh Ceachta 1.27

Dhá thréimhse ranga

Teideal

Triantáin Iomchuí (ar lean)

Acmhainní

Foireann uirlisí matamaiticiúla

Cúrsa Céimseatan do Mhatamaitic Iar-bhunscoile


CD an Dalta 

Ábhar

Agus iad i mbun na gceachtanna seo, beidh na daltaí ag imscrúdú na nithe seo a leanas agus ag iarraidh iad a thuiscint:

- Tógáil 12: Triantán nuair a thugtar USU – Triantáin iomchuí (Aicsiom 4)
- Tuilleadh triantán a thógáil, le SSS, SUS agus USU
- Trí mheán na tógála, taispeáin nach leor UUU ná UUS le haghaidh iomchuibhis

Láithreáin ghréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/ga/Curaclaim_agus_Measúnacht/Oideachas_Iar-Bhunscoile/Tionscadal_Mata/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p>
---	---

Smaoineamh Ceachta 1.28 (CTC)

Dhá thréimhse ranga

Teideal

Teoirim 2

Acmhainní

Foireann uirlisí matamaiticiúla

Cúrsa Céimseatan do Mhatamaitic Iar-bhunscoile

CD an Dalta 

Ábhar

Agus iad i mbun na gceachtanna seo, beidh na daltaí ag imscrúdú na nithe seo a leanas agus ag iarraidh iad a thuiscint:

- Teoirim 2: (i) I dtriantán comhchosach bíonn na huillinneacha os comhair na sleasa cothroma ar cóimhéid.
- (ii) An coinbhéarta: má bhíonn dhá uillinn ar cóimhéid, bíonn an triantán comhchosach

Gníomhaíochtaí ranga molta

Tarraingíonn na daltaí a gcuid triantáin chomhchosacha féin (tuilleadh cleachtaidh leis an gcompás agus rialóir) agus ansin tomhaiseann siad na huillinneacha. Beidh triantán difriúil ag gach dalta; cuir na torthaí i gcomparáid lena chéile ... gearr amach agus fill ...


Úsáid *geostrips*: tóg dhá thriantán atá díreach mar a chéile agus cuir ceann amháin os cionn an chinn eile, cuir na huillinneacha cothroma i gcomparáid lena chéile agus ansin iompaigh thart an ceann ar barr ...

Tarraing triantán comhchosach ina bhfuil uillinn 90° ; faigh amach gur ceann acu sin é an dronbhacart 45.

Tarraing triantáin chomhshleasacha i dtreoshuímh éagsúla agus marcáil isteach páirteanna comhionanna.

An gnáthshaol: pirimidí agus ailtireacht; pirimid Maslow de riachtanais an duine; an phirimid bia

Láithreáin ghréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/ga/Curaclaim_agus_Measúnacht/Oideachas_Iar-Bhunscoile/Tionscadal_Mata/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p>
---	---

Smaoineamh Ceachta 1.29 (CTC)

Trí thréimhse ranga

Teideal

Uillinneacha Ailtéarnacha, Teoirim 3 agus Teoirim 4

Acmhainní

Foireann uirlisí matamaiticiúla

Cúrsa Céimseatan do Mhatamaitic Iar-bhunscoile

CD an Dalta 

Ábhar

Agus iad i mbun na gceachtanna seo, beidh na daltaí ag imscrúdú na nithe seo a leanas agus ag iarraidh iad a thuiscint:

- Uillinneacha ailtéarnacha, trí mheán samplaí agus a bheith ag tomhas
- Focail nua: trasnaí, uillinneacha ailtéarnacha
- Teoirim 3: (i) Má dhéanann trasnaí uillinneacha ailtéarnacha cothroma ar dhá líne, tá na línte comhthreomhar lena chéile.
- (ii) An coinbhéarta: Má bhíonn dhá líne comhthreomhar lena chéile, déanfaidh trasnaí ar bith uillinneacha ailtéarnacha cothroma leo.
- *Teoirim 4: Is é 180° suim na n-uillinneacha i dtriantán ar bith.

Gníomhaíochtaí ranga molta

Tarraingíonn an múinteoir dhá líne chomhthreomhara le trasnaí agus úsáideann sé na huimhreacha 1-8 chun na huillinneacha a ainmniú. Tarraingíonn na daltaí an léaráid ina gcóipleabhar, m.sh. is féidir leo línte a tharraingt ar feadh dhá imeall rialóra, agus líne eile a tharraingt a thrasnaíonn na línte sin. Tarraingíonn an múinteoir dhá chruth “Z” ar an gclár. Maidir leis an léaráid leis na línte comhthreomhara agus an trasnaí, fiafraítear de na daltaí an féidir leo an dá chruth “Z” a fheiceáil. Anois iarrann an múinteoir ar na daltaí na huillinneacha uimhrithe a líonadh isteach i ngach ceann de na cruthanna “Z”. Feasta, is féidir le daltaí cuimhneamh ar uillinneacha ailtéarnacha mar uillinneacha “Z”. Ar ndóigh, caithfidh daltaí cuimhneamh ar an téarmaíocht cheart freisin.

Agus iad i mbun imscrúdaithe, tarraingíonn na daltaí roinnt samplaí de thrasnaí ar dhá líne chomhthreomhara agus ansin ar dhá líne nach bhfuil comhthreomhar. Ón tomhas a dhéanann siad, faigheann siad amach go mbíonn na huillinneacha ailtéarnacha ar cóimhéid (a bheag nó a mhór) nuair atá na línte comhthreomhar, agus sa chás sin amháin.


Nóta: Deirtear 'a bheag nó a mhór' toisc gur turgnamh atá i gceist. Ní cruthúnas é seo.

Tarraingíonn na daltaí roinnt triantán, nó úsáideann siad na triantáin ón rang roimhe sin, agus tomhaiseann siad a n-uillinneacha leis an uillinntomhas. Bíodh roinnt triantáin mhaoluilleacha san áireamh.

Stróic (ná gearr) na trí uillinn den triantán, tar éis duit iad a mharcáil i dtosach agus iad a chur ar feadh imeall rialóra. Beidh sé soiléir gurb é 180° a suim.

Féach Smaoineamh Ceachta Céimseatan 4 in “Junior Certificate Guidelines for Teachers”, leathanach 62. Ar fáil ag http://www.projectmaths.ie/documents/jc_maths_guidelines.pdf

Láithreáin ghréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/ga/Curaclaim_agus_Measúnacht/Oideachas_Iar-Bhunscoile/Tionscadal_Mata/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p>
---	---

Smaoineamh Ceachta 1.30 (CTC)

Dhá thréimhse ranga

Teideal

Uillinneacha Comhfhreagracha, Teoirim 5 agus Teoirim 6

Acmhainní

Foireann uirlisí matamaiticiúla

Cúrsa Céimseatan do Mhatamaitic Iar-bhunscoile

CD an Dalta 

Junior Certificate Guidelines for Teachers (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 2002, An Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais €3.81). Is féidir é a íoslódáil freisin ag http://www.projectmaths.ie/documents/jc_maths_guidelines.pdf.

Ábhar

Agus iad i mbun na gceachtanna seo, beidh na daltaí ag imscrúdú na nithe seo a leanas agus ag iarraidh iad a thuiscint:

- Uillinneacha comhfhreagracha, mínithe ag samplaí agus a bheith ag tomhas
- Focail nua: uillinn chomhfhreagrach
- Teoirim 5: D'aon trasnaí, bíonn dhá líne comhthreomhar má bhíonn na huillinneacha comhfhreagracha ar cóimhéid, agus sa chás sin amháin.
- *Teoirim 6: Bíonn gach uillinn sheachtrach ar thriantán ar cóimhéid le suim na n-uillinneacha inmheánacha urchomhaireacha.

Gníomhaíochtaí ranga molta

Uillinneacha comhfhreagracha: Tarraingíonn an múinteoir dhá líne chomhthreomhara le trasnaí agus úsáideann sé na huimhreacha 1-8 chun na huillinneacha a ainmniú. Tarraingíonn na daltaí an léaráid ina gcóipleabhar, m.sh. is féidir leo línte a tharraingt ar feadh dhá imeall rialóra, agus líne eile a tharraingt a thrasnaíonn na línte sin. Tarraingíonn an múinteoir ceithre chruth “F” (na ceithre phéire uillinneacha comhfhreagracha). Maidir leis an léaráid leis na línte comhthreomhara agus an trasnaí, fiafraítear de na daltaí an féidir leo ceithre chruth “F” a fheiceáil.

Anois iarrann an múinteoir ar na daltaí na huillinneacha uimhrithe a líonadh isteach i ngach ceann de na cruthanna “F”. Feasta, is féidir le daltaí cuimhneamh ar uillinneacha comhfhreagracha mar uillinneacha “F”. Ar ndóigh, caithfidh daltaí cuimhneamh ar an téarmaíocht cheart freisin.

Cuir na huillinneacha ailtéarnacha ón gceacht roimhe seo i gcuimhne do na daltaí arís.

Tomhaiseann na daltaí na huillinneacha go léir sna cruthanna F (cleachtadh ar an uillinntomhas) go bhfeicfidh siad céard atá le tabhairt faoi deara. Cuir torthaí na ndaltaí éagsúla sa rang i gcomparáid lena chéile.

Tabhair ar na daltaí línte nach bhfuil comhthreomhar (bíodh sé sin soiléir) a tharraingt, mar aon le trasnaí ag dul tríothu, agus seiceáil na huillinneacha céanna.


A lán gníomhaíochtaí ar an gceacht seo; bíonn treoshuímh éagsúla ina ndúshlán mór ag roinnt daltaí uaireanta.

Do Theoirim 6: Ná hínis an teoirim dóibh i dtosach. Tabhair ar na daltaí roinnt mhaith cásanna a tharraingt go bhfeicfidh tú an mbeidh siad féin in ann an teoirim a oibriú amach.

Tá sé an-tábhachtach go mbeidh na triantáin i dtreoshuímh éagsúla.

Féach Smaoineamh Ceachta Céimseatan 5 in “Junior Certificate Guidelines for Teachers”, leathanach 63. Ar fáil ag http://www.projectmaths.ie/documents/jc_maths_guidelines.pdf

Láithreáin ghréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/ga/Curaclaim_agus_Measúnacht/Oideachas_Iar-Bhunscoile/Tionscadal_Mata/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p>
---	---

Smaoineamh Ceachta 1.31 (CTC)

Dhá thréimhse ranga

Teideal

Tógálacha 1 agus 2

Acmhainní

Foireann uirlisí matamaiticiúla

Cúrsa Céimseatan do Mhatamaitic Iar-bhunscoile


CD an Dalta 

Ábhar

Agus iad i mbun na gceachtanna seo, beidh na daltaí ag imscrúdú na nithe seo a leanas agus ag iarraidh iad a thuiscint:

- Tógáil 1: Úsáid compáis chun uillinn a dhéoinnt
- Tógáil 2: Úsáid compáis chun déroinnteoir ingearach mírlíne a tharraingt

Láithreáin ghréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/ga/Curaclaim_agus_Measúnacht/Oideachas_Iar-Bhunscoile/Tionscadal_Mata/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p>
---	---

Smaoineamh Ceachta 1.32 (CTC)

Dhá thréimhse ranga

Teideal

Tógálacha 3 agus 4

Acmhainní

Foireann uirlisí matamaiticiúla

Cúrsa Céimseatan do Mhatamaitic Iar-bhunscoile

CD an Dalta



Ábhar


Agus iad i mbun na gceachtanna seo, beidh na daltaí ag imscrúdú na nithe seo a leanas agus ag iarraidh iad a thuiscint:

- Tógáil 3: Líne ingearach le líne l atá tugtha, ag gabháil trí phointe atá tugtha nach bhfuil ar l

(2 mhodh: rialóir agus compás, nó rialóir agus dronbhacart)

- Tógáil 4: Líne ingearach le líne l atá tugtha, ag gabháil trí phointe atá tugtha atá ar l (2 mhodh: rialóir agus compás, nó rialóir agus dronbhacart)

Láithreáin ghréasáin úsáideacha

	<p>www.projectmaths.ie</p> <p>http://ncca.ie/ga/Curaclaim_agus_Measúnacht/Oideachas_Iar-Bhunscoile/Tionscadal_Mata/</p> <p>http://www.examinations.ie/</p>
---	---

Aguisín A

Céimseata: Smaoineamh ag Leibhéal Éagsúla

Teoiric Van Hiele

Déanann **samhail Van Hiele** cur síos ar an gcaoi a bhfoghlaímíonn daltaí céimseata. Ba mhúinteoirí matamaitice as an Ísiltír iad Pierre van Hiele agus Dina van Hiele-Geldof a rinne staidéar ar a gcuid daltaí céimseatan sna 1950í. Achoimre ghairid ar theoiric Van Hiele atá sa mhéid seo a leanas. De réir na teoirice seo, téann daltaí trí 5 leibhéal smaointeoireachta agus iad i mbun foráis. Ar dtús ní bhíonn siad in ann ach cruth a aithint; ag an leibhéal is airde bíonn siad in ann cruthúnas foirmiúil a scríobh. Is mar leanas atá na leibhéil:

* Léirshamhlú (Leibhéal 0)

Is ar chruthanna a bhíonn na daltaí ag smaoineamh, agus cén chuma atá orthu.

Bíonn tuiscint ghinearálta ag daltaí ar chruth. Is í an chuma atá ar an gcruth atá tábhachtach. B'fhéidir go gceapfaidh siad gur "diamant" seachas cearnóg atá i gcearnóg rothlaithe mar go bhfuil sí difriúil leis an íomhá shúl atá acu de chearnóg. Beidh siad in ann idirdhealú a dhéanamh idir chruthanna mar thriantáin, cearnóga, dronuilleoga srl ach ní bheidh siad in ann a mhíniú, mar shampla, cén fáth a bhfuil dronuilleog ina dronuilleog. **Foclóir:** Úsáideann daltaí focail a bhaineann leis an méid a fheiceann siad leis na súile, mar shampla "pointeach", "cuarach", "cúinne", chomh maith le teanga cheart mar uillinn, dronuilleog agus comhthreomharán.

* Anailís (Leibhéal 1)

Is ar "aicmí" cruthanna a bhíonn na daltaí ag smaoineamh, seachas ar chruthanna aonair.

- Smaoiníonn daltaí faoin bhfáth a bhfuil dronuilleog ina dronuilleog agus is féidir leo saintréithe na dronuilleoige a scaradh ó rudaí nach mbaineann le hábhar, mar shampla méid agus treoshuíomh. Aithníonn siad a codanna (sleasa, trasnáin agus uillinneacha) agus cuireann siad a n-airíonna i gcomparáid lena chéile (comhchosúil, iomchuí)
- Tuigeann siad, má bhaineann cruth le haicme ar nós "dronuilleog", go bhfuil airíonna uile na haicme sin aige (dhá phéire de shleasa comhionanna, dronuilleoige, dhá thrasnán comhionanna, dhá ais siméadrachta).
- **Foclóir:** focail ar nós comhthreomhar, ingearach agus iomchuí maidir le hairíonna taobh istigh d'fhíor, agus iad seo: gach/ar fad/go léir/uile, i gcónaí, uaireanta, ní ... riamh, cosúil, difriúil.
- Sainmhíniú gonta ar fhíor. Ní féidir ag an leibhéal seo liosta dóthanach seachas liosta uileghabhálach a úsáid.
- Ní phléann siad le ceisteanna ar nós "An comhthreomharán í cearnóg?". Ní dhéanann siad ach féachaint ar na hairíonna atá ag gach aicme crutha, gan na haicmí a chur i gcomparáid lena chéile.

*Déantar roinnt léirshamhlaithe agus anailíse sa Bhunscoil.

Coibhneasta/ Ordú/ Déaduchtú Neamhfhoirmiúil (Leibhéal 2)

Is ar airíonna cruthanna a bhíonn na daltaí ag smaoineamh.

- Bíonn daltaí réidh le hidirghaolta airíonna a thuiscint, taobh istigh d'fhíoracha agus idir fhíoracha. Tá sleasa urchomhaireacha ar chomhthreomharán comhthreomhar lena chéile agus tá uillinneacha urchomhaireacha ar cóimhéid.
- Is comhthreomharán í an dronuilleog ó tá airíonna uile an chomhthreomharáin aici chomh maith le gach uillinn a bheith ina huillinn 90^0 .
- Is féidir le daltaí an difríocht idir ráiteas agus a choinbhéarta a aithint. Is dronuilleog í gach cearnóg (fíor), ní hionann sin agus a rá gur cearnóg í gach dronuilleog (níl fíor).
- Bíonn smaointeoireacht "**má tá ..., tá**" ar a dtoil acu. Mar shampla, más dronuilleog é cruth áirithe, is dronuillinn í gach uillinn ann. Má tá $|\angle A| = |\angle B|$ agus $|\angle B| = |\angle C|$, tá $|\angle A| = |\angle C|$.
- Is féidir leo airí nó dhó a roghnú chun fíor a shainmhíniú in áit liosta uileghabhálach a thabhairt. Má tá 4 shlios chomhionanna ar cheathairshleasán, agus dronuillinn amháin ann, caithfidh sé a bheith ina chearnóg.
- Is féidir le daltaí airíonna nua a oibriú amach trí dhéaduchtú simplí. Is é 90^0 suim an dá ghéaruillinn i dtriantán dronuilleach mar gurb é 180^0 suim na n-uillinneacha ar fad i dtriantán. Is féidir leo rudaí a mhíniú go loighciúil gan gach rud a thomhas.

Déaduchtú foirmiúil (Leibhéal 3)

Foghlaimíonn daltaí cén chaoi le córas aicsímeach a úsáid chun teoiric na céimseatan a bhunú. Is ag an leibhéal seo a fhoghlaimítear cruthú na dteoirimí. Tá na teoirimí san aguisín curtha in ord sa chaoi is gur bunchloch do gach teoirim an teoirim / na teoirimí a thagann roimpi.

Beaichte (Leibhéal 4)

Córais aicsímeacha dhifriúla a chur i gcomparáid lena chéile – ní dhéantar é seo ag an dara leibhéal

Saintréithe na leibhéal seo: Ní féidir le daltaí feidhmiú ag aon leibhéal ar leith mura mbíonn siad inniúil ag gach leibhéal a tháinig roimhe sin. Tá ról an mhúinteora ríthábhachtach ó thaobh struchtúr a chur ar ghníomhaíochtaí ionas go dtabharfaidh siad na daltaí ó leibhéal amháin go dtí an chéad leibhéal eile.

Cén chaoi a dtugann an múinteoir na daltaí ó aon leibhéal ar leith go dtí an chéad leibhéal eile?

5 chéim foghlama:

1. Mar chuid de phlé neamhfhoirmiúil ar an topaic, iarrtar ar dhaltaí a dtuairimí tosaigh a thabhairt.
2. Soláthraíonn an múinteoir gníomhaíochtaí struchtúrtha, m.sh. rudaí a tharraingt, a dhéanamh agus a thomhas.
3. Ansin cuireann na daltaí an méid atá foghlamtha acu i bhfocail agus scríobhann siad síos é. Agus iad ag obair ina ngrúpaí, tugann siad tuairisc don rang, rud a chuireann tús le plé ranga.
4. Ansin soláthraíonn an múinteoir gníomhaíocht ina mbeidh ar na daltaí an méid a fuair siad amach a chur i bhfeidhm.
5. Sa chéim dheireanach bíonn ar na daltaí achoimre a thabhairt ar gach rud atá foghlamtha acu agus ba chóir go mbeidís in ann cuimhneamh air mar go bhfuair siad amach é trí threoir.

Is féidir teacht ar chur i láthair PowerPoint ar theoiric Van Hiele ag www.projectmaths.ie

Tugtar 2 shampla ar na sleamhnáin PowerPoint

- (1) Úsáid a bhaint as triantáin chomhchosúla chun dul chun cinn ó leibhéal go leibhéal a thaispeáint, agus
- (2) Úsáid a bhaint as imscrúdú ar an rombas le taispeáint cén chaoi le dul ar aghaidh ó leibhéal 0 go leibhéal 1 leis an bhfíor seo agus na cúig chéim teagaisc in úsáid.

Is féidir teacht ar mheabhairmhapa de Van Hiele ag

http://agutie.homestead.com/files/mindmap/van_hiele_geometry_level.html

Aguisín B

Treoir le haghaidh Teoirimí, Aicsiomaí agus Tógálacha ag gach Leibhéal*

Tá sé seo scríofa mar threoir thapa le haghaidh na n-aicsiomaí, na dteoirimí agus na dtógálacha éagsúla mar atá leagtha amach in *Cúrsa Céimseatan do Mhatamaitic Iar-bhunscoile*. Is féidir teacht air sin anseo: http://www.ncca.ie/ga/Curaclaim_agus_Measúnacht/Oideachas_Iar-Bhunscoile/Tionscadal_Mata/Siollabais_agus_Measúnacht/Siollabas_Matamaitice_an_Teastais_Shois_earaigh.pdf (lgh 27-72).

Níl sé i gceist go n-úsáidfí an cháipéis seo in áit *Cúrsa Céimseatan do Mhatamaitic Iar-bhunscoile*, ach tá sé i gceist go mbeidh an cháipéis seo ina cabhair ó thaobh a bheith in ann a léamh i bhfaiteadh na súl cén t-ábhar a gcaithfear staidéar a dhéanamh air ag leibhéal éagsúla. Ní mór cloí leis an ord ina dtugtar na teoirimí.

Mar atá luaite sa cheannteideal, tá 46 sainmhíniú agus 20 tairiscint mar bhonn agus mar thaca ag na teoirimí agus tógálacha seo. Tá na sainmhínithe agus tógálacha sin ar fad leagtha amach in *Cúrsa Céimseatan do Mhatamaitic Iar-bhunscoile* maille lena lán téarmaí nach bhfuil sainmhínithe, agus téarmaí is féidir a shainmhíniú ach a úsáidtear gan sainmhíniú follasach.

*Is éard is **aicsiom** ann ná ráiteas a nglactar leis gan chruthú, mar bhunús le haghaidh argóinte.

*Is éard is **teoirim** ann ná ráiteas a bhaintear de thátal as na haicsiomaí trí argóint loighciúil. Is féidir teoirimí a bhaint de thátal freisin as teoirimí a bunaíodh roimhe sin.

*Is éard is **tairiscint** ann ná ráiteas úsáideach nó suimiúil a d'fhéadfaí a chruthú ag an bpointe sin, ach nach bhfuil a cruthúnas ordaithe mar chuid bhunriachtanach den chlár. Tá sé de shaoirse ag múinteoirí plé leo mar a mheasann siad a bheith cuí, ach ba chóir go luafaí iad, ar a laghad (Aguisín lch 20, fonóta).

*Tá na huirlisí is féidir a úsáid le haghaidh **tógálacha** liostaithe, agus cur síos déanta orthu, ar leathanach 38 den Aguisín. Is iad seo na huirlisí sin: corr dhíreach, compás, rialóir, uillinntomhas agus dronbheart.

Téarmaí Beifear ag glacadh leis go dtuigfidh daltaí ag **Teastas Sóisearach, Ardleibhéal agus ag Ardteistiméireacht, Gnáthleibhéal** brí na dtéarmaí seo a leanas a bhaineann le loighic agus le réasúnú déaduchtach: **Teoirim, cruthúnas, aicsiom, atoradh, coinbhéarta, is intuigthe as (nó leanann de).**


Ina theannta sin, beifear ag glacadh leis go dtuigfidh daltaí ag **Ardteistiméireacht, Ardleibhéal** brí na dtéarmaí seo a leanas a bhaineann le loigic agus le réasúnú déaduchtach:







Tá coibhéseach le, is gá agus is leor (nó má tá..., agus sa chás sin amháin), cruthúnas trí bhréagnú.












Céimseata Shintéiseach






Treoir le haghaidh Aicsiomaí, Teoirimí agus Tógálacha ag gach Leibhéal

Baintear úsáid as Teicneolaíocht Faisnéise áit ar bith agus uair ar bith is cuí le cabhrú le coincheapa matamaiticiúla a



chur i láthair daltaí go héifeachtach. Sa cháipéis seo tá an tsiombail  le feiceáil áit ar bith a bhfuil modúl Teicneolaíocht Faisnéise (TF) idirghníomhach ar fáil ar CD an Dalta (Tionscadal Mata) le gabháil leis an ábhar sin.




















	Aicsiomaí agus Teoirimí (46 sainmhíniú, 20 tairiscint mar thaca acu) *cruthúnas ag teastáil le haghaidh TSAL agus ATAL **cruthúnas ag teastáil le haghaidh ATAL, agus lena aghaidh sin amháin	Cúrsa Tosaigh Coiteann	TS GNÁTH	TS ARD	AT BONN	AT GNÁTH	AT ARD
	Aicsiom 1: Téann líne amháin, agus í sin amháin, trí aon dá phointe atá tugtha.	√	√	√	√	√	√
	Aicsiom 2: [Aicsiom an Rialóra]. Airíonna an fhaid idir phointí.	√	√	√	√	√	√
	 Aicsiom 3: [Aicsiom an Uillinntomhais]. Airíonna tomhas uillinne.	√	√	√	√	√	√
1	 Bíonn rinnuillinneacha urchomhaireacha ar cóimhéid.	√	√	√	√	√	√
	Aicsiom 4: Coinníollacha le haghaidh triantáin chomhionanna (SSS, SUS, USU)	√	√	√	√	√	√
2	 I dtriantán comhchosach bíonn na huillinneacha os comhair na sleasa cothroma ar cóimhéid. An coinbhéarta: má bhíonn dhá uillinn ar cóimhéid, bíonn an triantán comhchosach.	√	√	√	√	√	√
	Aicsiom 5: Sa chás go bhfuil líne l agus pointe P tugtha, tá líne amháin, agus í sin amháin, a théann trí P atá comhthreomhar le l.	√	√	√	√	√	√
3	 Má dhéanann trasnaí uillinneacha ailtéarnacha cothroma ar dhá líne, bíonn na línte comhthreomhar lena chéile. An coinbhéarta: Má bhíonn dhá líne comhthreomhar lena chéile, déanfaidh trasnaí ar bith uillinneacha ailtéarnacha cothroma leo.	√	√	√	√	√	√
4*	 Is é 180° suim na n-uillinneacha i dtriantán ar bith.	√	√	√	√	√	√
5	 D'aon trasnaí, bíonn dhá líne comhthreomhar má bhíonn na huillinneacha comhfhreagra ar	√	√	√	√	√	√

	Aicsiomaí agus Teoirimí (46 sainmhíniú, 20 tairiscint mar thaca acu) *cruthúnas ag teastáil le haghaidh TSAL agus ATAL **cruthúnas ag teastáil le haghaidh ATAL, agus lena aghaidh sin amháin	Cúrsa Tosaigh Coiteann	TS GNÁTH	TS ARD	AT BONN	AT GNÁTH	AT ARD
	cóimhéid, agus sa chás sin amháin.						
6*	 Bíonn gach uillinn sheachtrach ar thriantán ar cóimhéid le suim na n-uillinneacha inmheánacha urchomhaireacha.	√	√	√	√	√	√
7	 Bíonn an uillinn os comhair an tsleasa is mó de dhá shlios níos mó ná an uillinn os comhair an tsleasa is lú. An coinbhéarta: bíonn an slios os comhair na huillinne is mó de dhá uillinn níos mó ná an slios os comhair na huillinne is lú.					√	√
8	 Suim na bhfad in dhá shlios ar bith ar thriantán, is mó í ná fad an tríú slios.					√	√
9*	 I gcomhthreomharán, bíonn na sleasa urchomhaireacha ar comhfhad agus bíonn na huillinneacha urchomhaireacha ar cóimhéid. An coinbhéarta: (1) má bhíonn na huillinneacha urchomhaireacha i gceathairshleasán dronnach ar cóimhéid, is comhthreomharán é; (2) má bhíonn na sleasa urchomhaireacha ar cheathairshleasán dronnach ar cóimhéid, is comhthreomharán é.		√	√	√	√	√
	Atoradh 1: Roinneann trasnán comhthreomharán ina dhá thriantáin iomchuí.			√			√
10	 Déroinneann trasnáin comhthreomharáin a chéile. An coinbhéarta: má dhéroinneann trasnáin ceathairshleasáin a chéile, is comhthreomharán é an ceathairshleasán.		√	√	√	√	√
11**	 Má dhéanann trí líne chomhthreomhara idirlínte ar comhfhad ar thrasnáí áirithe, déanfaidh siad idirlínte ar comhfhad ar aon trasnáí eile.			√		√	√
12**	 Bíodh ABC ina thriantán. Má bhíonn líne l comhthreomhar le BC agus má ghearrann sí [AB] sa chóimheas m:n, gearrann sí [AC] freisin sa chóimheas céanna. An coinbhéarta: má bhíonn sleasa dhá thriantán i gcomhréir, is triantáin chomhchosúla iad.			√		√	√
13**	 Má bhíonn dhá thriantán comhchosúil, bíonn a sleasa i gcomhréir, in ord (agus coinbhéarta)		√	√	√	√	√
14*	 [Teoirim Phótagaráis]. I dtriantán dronuilleach, bíonn achar na cearnóige ar an taobhagán cothrom le suim achair na gcearnóg ar an dá shlios eile.		√	√	√	√	√
15	 [Coinbhéarta le Phótagarás]. Más ionann achar na cearnóige ar shlios amháin de thriantán agus suim achair na gcearnóg ar an dá shlios eile, is dronuillinn í an uillinn os comhair an chéad sleasa.		√	√	√	√	√
	Tairiscint 9: (DTS). I gcás dhá thriantán dhronuilleacha, má bhíonn an dá thaobhagán ar comhfhad agus má bhíonn slios eile ar an dá thriantán ar comhfhad, is triantáin iomchuí iad.		√	√	√	√	√
16	 I gcás triantáin, ní bhraitheann bonn x airde ar an rogha boinn.					√	√
	Sainmhíniú 38: Is é achar triantáin ná leath an bhoinn faoin airde.					√	√

	Aicsiomaí agus Teoirimí (46 sainmhíniú, 20 tairiscint mar thaca acu) *cruthúnas ag teastáil le haghaidh TSAL agus ATAL **cruthúnas ag teastáil le haghaidh ATAL, agus lena aghaidh sin amháin	Cúrsa Tosaigh Coiteann	TS GNÁTH	TS ARD	AT BONN	AT GNÁTH	AT ARD
17	 Déroinneann trasnán comhthreomharáin an t-achar.					√	√
18	 Is é achar comhthreomharáin ná an bonn x airde.					√	√
19*	 Is ionann méid na huillinne ag lárphointe ciorcail agus dhá oiread na huillinne ag an imlíne agus an dá uillinn ina seasamh ar an stua céanna.			√			√
	Atoradh 2†: Ar cóimhéid a bhíonn gach uillinn ag an imlíne ach iad a bheith ina seasamh ar an stua céanna (agus coinbhéarta).			√			√
	Atoradh 3: Is dronuillinn gach uillinn i leathchiorcal.	√	√	√	√	√	√
	Atoradh 4: Más dronuillinn í an uillinn ina seasamh ar chorda [BC] ag pointe éigin ar an gchiorcal, is trastomhas é [BC].	√	√	√	√	√	√
	Atoradh 5: Más ceathairshleasán comhchiorclach é ABCD, is é 180° suim na n-uillinneacha urchomhaireacha.			√			√
20	 (i) Bíonn gach tadhlaí ingearach leis an nga a théann go dtí an pointe teagmhála. (ii) Má bhíonn P ar an gchiorcal S, agus má bhíonn líne l ingearach leis an nga go dtí P, is tadhlaí do S í l.					√	√
	Atoradh 6: Má thrasnaíonn dhá chiorcal a chéile ag pointe éigin agus ag an bpointe sin amháin, tá an dá lárphointe agus an pointe teagmhála ar an líne chéanna.					√	√
21	 (i) An t-ingear ón lárphointe go dtí corda, déroinneann sé an corda. (ii) Gabhann déroinntoir ingearach corda tríd an lárphointe.					√	√


† Tá na hatorthaí uimhrithe de réir mar atá siad san aguisín; is é atoradh 2 an chéad cheann a bhaineann le teoirim 19

	Tógálacha (46 sainmhíniú, 20 tairiscint, 5 aicsiom agus 21 teoirim mar thaca acu)	Cúrsa Tosaigh Coiteann	TS GNÁTH	TS ARD	AT BONN	AT GNÁTH	AT ARD
1	 Déroinntoir uillinne, gan ach compás agus imeall díreach in úsáid.	√	√	√	√	√	√
2	 Déroinntoir ingearach mírlíne, gan ach compás agus imeall díreach in úsáid.	√	√	√	√	√	√

3	 Líne ingearach le líne l atá tugtha, ag gabháil trí phointe atá tugtha nach bhfuil ar l			√			√
4	 Líne ingearach le líne l atá tugtha, ag gabháil trí phointe atá tugtha atá ar l.	√	√	√	√	√	√
5	 Líne comhthreomhar le líne atá tugtha, trí phointe atá tugtha.	√	√	√	√	√	√
6	 Mírlíne a roinnt ina 2 nó ina 3 chuid chothroma gan í a thomhas.	√	√	√	√	√	√
7	Mírlíne a roinnt ina líon ar bith de chodanna cothroma gan í a thomhas.			√			√
8	 Mírlíne d'fhad atá tugtha ar gha atá tugtha.	√	√	√	√	√	√
9	 Uillinn líon tugtha céimeanna le ga tugtha mar ghéag amháin.		√	√	√	√	√
10	 Triantán, nuair a thugtar fad 3 shlios.		√	√	√	√	√
11	 Triantán, nuair a thugtar sonraí SUS.		√	√	√	√	√
12	 Triantán, nuair a thugtar sonraí USU.		√	√	√	√	√
13	 Triantán dronuilleach, nuair a thugtar fad an taobhagáin agus sleasa amháin eile.		√	√	√	√	√
14	 Triantán dronuilleach, nuair a thugtar slios amháin agus ceann de na géaruillinneacha.		√	√	√	√	√
15	 Dronuilleog nuair a thugtar faid na sleasa.		√	√	√	√	√
16	 Imlár agus imchiorcal triantáin thugtha, gan ach imeall díreach agus compás in úsáid.					√	√
17	 Ionlár agus inchiorcal triantáin thugtha, gan ach imeall díreach agus compás in úsáid.					√	√
18	 Uillinn 60° gan úsáid a bhaint as uillinntomhas ná dronbhacart.				√	√	√
19	 Tadhlaí do chiorcal tugtha ag pointe tugtha atá air.				√	√	√
20	 Comhthreomharán, nuair a thugtar faid na sleasa agus tomhas na n-uillinneacha.				√	√	√
21	 Meánlár triantáin.					√	√
22	 Ingearlár triantáin.						√

Aguisín C

Cén chaoi le clárú le haghaidh CensusAtSchool, ceistneoirí ar líne a líonadh isteach agus sonraí ranga a fháil




www.censusatschool.ie

Is é seo leathanach baile CensusAtSchool na hÉireann

Cliceáil "Glac páirt" faoin roghchlár.


1

Cuid 1: Clárú



Cliceáil "Cláraigh" faoi "Glac páirt" sa roghchlár.

2




Cliceáil "FOIRM CHLÁRAITHE AR LÍNE"

3

Scoilnet Registration Form

Please fill out the registration form completely.



Líon isteach agus cliceáil ar "Submit"

Nuair a bheidh d'fhoirm chláráithe faighte agus faofa, seolfar ríomhphost chugat ina dtabharfar ainm úsáideora pearsanta agus focal faire (= pasfhocal) duit. Seiceáil an fillteán turscail i do ríomhphost mura bhfaigheann tú na sonraí seo taobh istigh de 48 uair an chloig.

Ceisteanna: info@censusatschool.ie

4

Cuid 2: Teacht ar na ceistneoirí

Cliceáil “Glac páirt”,
“Ceistneoirí” agus
ansin cliceáil
“Phase 11” nó
céimeanna eile
(ceistneoirí níos
sine).

5

Cliceáil “Take
the Phase 11
online
questionnaire”

6

Cuid 3: An ceistneoir a líonadh isteach

Líon
isteach
agus
cliceáil ar
“Ar
aghaidh”.

7

Bí cinnte go
bhfuil ainm
úsáideora
do
mhúinteora
agat agus
uimhir rolla
na scoile.

Cliceáil ar
“Ar
aghaidh”.

8

CensusAtSchool Phase 10 Questionnaire

0% 100%

English

School Details

*Please enter your school Roll Number

? If you do not know your school Roll Number please ask your teacher

*Please enter your teacher's Username

? Eg., mkelly4416. If you do not know this, please ask your teacher

*Please enter the name of your School

*Please enter your class or year

larr ar gach dalta uimhir rolla na scoile agus d'ainm úsáideora múinteora (seolta chugat ar an r-phost) a chur isteach. Ní mór ainm na scoile agus sonraí bliana nó ranga a chur isteach freisin.

9

PHP SURVEYOR

CensusAtSchool Ph

0% 100%

Engl

About You

*6. a) How tall are you without shoes? (Answer in centimetres)

Only numbers may be entered in this field

? Enter your height in centimetres (cm) in the box provided. This must be in the range 90cm-205

*6. b) What is the length of your right foot to the nearest tenth of a centimetre?

Only numbers may be entered in this field

? Enter your foot length in centimetres (cm) in the box provided. This must be in the range 12cm

*6. c) What is your open arm span? (Answer in centimetres)

Only numbers may be entered in this field

? Enter the length of your arm span in centimetres (cm) in the box provided. This must be in the

*6. d) Which hand do you write with?

Choose one of the following answers

Left

10

Ceisteanna samplacha ón gceistneoir

Cuid 4: Anois atá na sonraí líonta isteach acu – Céard í an chéad chéim eile?

Home > Get Data

Census AtSchool

Take Part Get Data Resources About FAQs Contact

search...

MAIN MENU

- Home
- Take Part
- Get Data
- Request Your Class Data
- DataTool
- Random Data Selector
- Results
- Resources
- About

Get Data

In this section you can view results from previous classes' data or use the Random Data Selector

• DataTool

• Random Data Selector

• Results

Faoi "Faigh Sonraí" cliceáil ar "larr sonraí do ranga".

11

Logáil isteach chun sonraí a fháil

Census AtSchool

Take Part Get Data Resources About FAQs Contact

search...

Home > Login

To access the private area of this site, please log in.

Username

Password

Remember Me

• [Forgot your username or password?](#)

Líon isteach na boscaí "Ainm an Úsáideora" agus "Focal Faire". Má tá dearmad déanta agat orthu, cliceáil ar an nasc "Forgot your username or password?"

Cliceáil "Logáil isteach".

12

Home Request Data Gaelic English

Census At School

Take Part Get Data Resources About FAQs Contact

MAIN MENU

- Home
- Take Part
- Get Data
- Resources
- About
- FAQs
- International

USER MENU

- Request Data
- Logout

Home Request Data

Request your data

School Roll Number

Username

Phase

- Phase 9
- Phase 8
- Phase 7
- Phase 6
- Phase 5
- Phase 4
- Phase 3
- Phase 2
- Phase 1

Nuair a bheidh tú logáilte isteach, iarrfar ort d'uimhir rolla scoile agus d'ainm úsáideora a sholáthar.

Roghnaigh cibé céim atá críochnaithe ag do chuid daltaí. Clliceáil ar "Ar aghaidh" agus cuirfead do chuid sonraí ar ais chugat láithreach i bhfoirm scarbhileoige.

13

Beidh do chuid sonraí cosúil leis an scarbhileog thíos.

Sex	BrthMnth	BrthYear	BrthPlce	BedRms	PeoplHmeInetAxs	NumPts	PtsNone	PtsDog	PtsCat	PtsMouse	PtsRabt
Female	July	1992	New Sout	4	5 Yes - broa	4	No	Yes	Yes	No	No
Female	February	1996	Australian	4	5 Yes - broa	4	No	Yes	Yes	No	No
Male	Septembe	1994	Victoria	4	5 Yes - dial-	5	No	Yes	No	No	No
Female	Septembe	1991	Fiji	4	4 No - Intern	0	Yes	No	No	No	No
Male	August	1993	Queenslai	3	4 No - Intern	0	No	No	No	No	No
Female	December	1993	Tasmania	3	5 Yes - dial-	3	No	No	Yes	No	No
Female	August	1990	Queenslai	4	5 Yes - broa	3	No	Yes	No	No	No
Female	Novembe	1991	New Sout	11	5 Yes - dial-	4	No	Yes	No	No	Yes
Male	June	1995	Victoria	3	5 Yes - othe	6	No	Yes	No	No	No
Female	March	1993	Western A	30	122 No - Intern	2	No	Yes	No	No	No
Female	December	1989	Queenslai	3	3 Yes - broa	2	No	No	No	No	No
Female	April	1993	South Aus	3	5 No - Intern	4	No	Yes	Yes	No	No
Male	March	1996	New Sout	3	2 No - Intern	0	Yes	No	No	No	No
Male	Septembe	1993	Queenslai	4	4 Yes - dial-	18	No	Yes	No	No	No
Male	May	1995	Tasmania	3	4 Yes - broa	2	No	No	No	No	Yes
Female	March	1994	Western A	4	4 Yes - dial-	4	No	Yes	Yes	No	No

14

Anois is féidir le daltaí tosú ar anailís uimhriúil agus ghrfach ar a gcuid sonraí ranga féin agus léirmhínte a dhéanamh, bunaithe ar na torthaí.